Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Beartas Grianghrafadóireachta agus Físeáin

**Faofa ag an bhFoireann Bainistíochta**
**19 Nollaig 2023.**

## Eolas faoin Doiciméad

| | |
|---|---|
| **Teideal an Doiciméid** | Beartas Grianghrafadóireachta agus Físeáin |
| **Úinéir** | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Úda(i)r** | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **Úsáideoirí** | Foireann agus Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Dáta** | 19 Nollaig 2023 |
| **Stádas** | Faofa ag Foireann Bainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Leagan** | 1 |

## Stair an Leagain

| Leagan | Cruthaithe/leasaithe ag | Dáta | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| **1** | **G. Healy, OCS**<br>**Athbhreithniú ag Stiúrthóir Seirbhísí, Corparáideach**<br>**Athbhreithnithe ag Cruinniú na Foirne Bainistíochta (CFB)**<br>**Faofa ag CFB** | **23/11/2023**<br>**28/11/2023**<br>**28/11/2023**<br>**19/12/2023** | Cruthaíodh Dréachtbheartas Grianghrafadóireachta agus Físeáin<br>Arna leasú ag 2.0<br>Comhaontaithe i bprionsabal – le tabhairt ar ais chuig CFB ar an 19/12/2023 lena bhreithniú/fhaomhadh deiridh, áfach.<br>Faofa ag an bhFoireann Bainistíochta le leasuithe ag 7.1 agus 16.0 |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# Clár na nÁbhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Cuspóir an Bheartais………………………………………………………………………… | 4 |
| Scóip………………………………………………………………………………………… | 4 |
| Grianghraf/Físeán………………………………………………………………………… | 4 |
| Cuspóir na nÍomhánna…………………………………………………………………… | 5 |
| Bunús dleathach…………………………………………………………………………… | 5 |
| Fógra agus Rogha………………………………………………………………………… | 5 |
| Toiliú Tuismitheora……………………………………………………………………… | 6 |
| Leanaí Scoile / Leanaí ag freastal ar Imeachtaí na Comhairle………………………… | 6 |
| Grianghraif/físeáin a ghlactar le haghaidh úsáide pearsanta – Díolúine Teaghlaigh…… | 6 |
| Grianghraif fostaithe……………………………………………………………………… | 7 |
| Íomhánna a fhoilsiú agus a thaispeáint…………………………………………………… | 7 |
| Grianghrafadóir seachtrach……………………………………………………………… | 7 |
| Toiliú faighte go cúlghabhálach…………………………………………………………… | 8 |
| An ceart chun toiliú a tharraingt siar…………………………………………………… | 8 |
| Coinneáil sonraí…………………………………………………………………………… | 9 |
| Slándáil……………………………………………………………………………………… | 9 |
| Freagracht an Bhainisteora Líne………………………………………………………… | 9 |
| Cearta aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta……………………………………… | 9 |
| Athbhreithniú Beartais…………………………………………………………………… | 10 |
| Oifigeach Cosanta Sonraí………………………………………………………………… | 10 |
| Aguisíní | |
| Aguisín 1 – Comhartha samplach le húsáid ag Imeachtaí………………………………… | 11 |
| Aguisín 2 – Foirm Toilithe Shamplach – Leanaí…………………………………………… | 12 |

## 1.0 Aidhm

Is é cuspóir an bheartais seo ná treoir a sholáthar maidir le conas a chinntiú go bhfuil cearta, leasanna agus príobháideacht daoine aonair á n-urramú agus íomhánna a ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe á mbailiú, á bpróiseáil agus á n-úsáid.

## 2.0 Scóip

Baineann an beartas seo le gach duine a oibríonn le Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar fhostaithe, mar chonraitheoirí neamhspleácha nó mar fhochonraitheoirí ar bhonn buan nó sealadach ('foireann') agus baineann sé freisin le Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## 3.0 Grianghraf/Físeán

Tá ról tábhachtach ag úsáid íomhánna in go leor gnéithe d'obair na Comhairle. Is féidir íomhánna a úsáid i go leor formáidí chun gníomhaíochtaí agus eispéiris a thaifeadadh, a dhoiciméadú, a léiriú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh.

Eagraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe imeachtaí go rialta agus is gnáthchleachtas é grianghraif nó físeáin a ghlacadh de na himeachtaí iad féin agus/nó de dhaoine aonair a fhreastalaíonn orthu. Is féidir na híomhánna seo a úsáid i gcáipéisíocht don phreas áitiúil; Suíomh gréasáin agus meáin shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Tairseach na Foirne agus bileoga bolscaireachta agus foilseacháin na Comhairle amhail an Tuarascáil Mhíosúil Bhainistíochta, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Corparáideach agus foilseacháin éagsúla eile.

Faoin RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 meastar gurb é atá i gceist le próiseáil ná glacadh agus stóráil grianghraf agus taifeadadh agus/nó stóráil taifeadtaí físe agus fuaime.[1] I gcás ina bhfuil duine inaitheanta in íomhá, meastar gur sonraí pearsanta atá ann.[2]

---

[1] *In RGCS ciallaíonn '**próiseáil**' aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú. (Airteagal 4)*

[2] *Sainmhínítear **sonraí pearsanta** in RGCS mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine aonair nó le duine nádúrtha inaitheanta ('duine is ábhar do na sonraí'): duine atá i nduine inaitheanta nádúrtha ar féidir é/í a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'aitheantóir mar ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó d'thoisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, geilleagrach, cultúrtha nó sóisialta an duine nádúrtha sin.*

## 4.0 Cuspóir na n-íomhánna

Ní bhainfear úsáid as grianghraif ná as físeáin ach amháin chun na gcríoch dá mbailítear iad. Mar shampla, má ghlactar grianghraf nó físeán le húsáid ar Thairseach na Foirne, níor cheart é a phostáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle gan toiliú breise a fháil.

## 5.0 Bunús dleathach - toiliú

Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ***toiliú***[3] a fháil ó dhaoine aonair sula nglactar nó sula bhfoilsítear íomhánna. Ní mór don toiliú a thugtar a bheith soiléir, tugtha faoi shaoirse, sonrach agus feasach.

I gcás ina bhfuil duine aonair nó grúpa daoine mar fhócas íomhá, lorgófar toiliú sula nglacfar an íomhá. Cuirfear na daoine is ábhar ionchasacha ar an eolas cén áit agus cén fáth a bhféadfaí a n-íomhá a úsáid agus tabharfar deis dóibh a bheith san íomhá nó gan a bheith. Trí fhanacht i bhfráma an phictiúir nó an fhíseáin, tugann na daoine aonair cead an íomhá a úsáid.

I gcás nach bhfuil duine inaitheanta ó ghrianghraf ná ó fhíseán, ní gá toiliú a fháil chun an íomhá a úsáid.

Má tá leanbh faoi bhun 16 bliana d’aois so-aitheanta san íomhá, ní mór toiliú a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir.

## 6.0 Fógra agus rogha

Sula gcuirfear imeacht ar siúl, beidh sé ina chleachtas is fearr fógra agus rogha a thabhairt sula nglacfar íomhánna. Is féidir é sin a bhaint amach trí fhógraí/chomharthaí a thaispeáint ag imeachtaí nó trí fhógra a chur san áireamh i gcláir chlóite, in ábhair phoiblíochta, i gcuirí, i mbileoga síniú isteach nó i ríomhphoist a chuireann in iúl roimh ré go bhféadfadh grianghrafadóireacht nó físeáin a bheith ar siúl ag an imeacht. Áireofar leis an bhfógra/gcomhartha an cuspóir lena n-úsáidfear na híomhánna lena n-áirítear an deis roghnú gan a bheith san áireamh sna híomhánna más mian leo. Chun cothroime agus trédhearcacht a chinntiú ba cheart daoine aonair a chur ar an eolas má chuirtear na híomhánna ar fáil do thríú páirtí, má úsáidtear iad chun críocha margaíochta nó má thaispeántar iad ar shuíomh gréasáin nó ar mheáin shóisialta na Comhairle. Tá sampla d’fhógra/de chomhartha leagtha amach in **Aguisín 1.**

Is féidir é sin a bhaint amach ***ó bhéal*** freisin trí fhógra a dhéanamh sula nglactar na híomhánna chun ligean don lucht freastail a gcearta a fheidhmiú gan a bheith rannpháirteach agus diúltú do bheith sa ghrianghraf nó san fhíseán.
Áireofar san fhógra an cuspóir lena n-úsáidfear na híomhánna.

---

[3] *Ciallaíonn* ***toiliú*** *an duine is ábhar do na sonraí aon léiriú sonrach, eolasach agus gan débhrí ar mhianta an duine is ábhar do na sonraí trína dtugann an té sin le fios trí ráiteas nó trí bheart soiléir go n-aontaíonn sé nó sí le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi*.

## 7.0 Toiliú Tuismitheora

D'fhéachfaí ar leanaí mar dhaoine leochaileacha is ábhar do shonraí agus ní mór aird ar leith a thabhairt agus a sonraí pearsanta á bpróiseáil toisc go bhféadfadh sé nach bhfuil siad chomh feasach sin ar na rioscaí atá i gceist. ***Níor cheart*** íomhánna de leanaí faoi 16 bliana d'aois a ghlacadh, ná iad a phróiseáil, ach amháin má fhaightear ***toiliú sainráite ó thuismitheoirí*** i bhfoirm ***scríofa*** sula nglactar na híomhánna. Tá sampla d'fhoirm thoilithe atá le húsáid chun na críche seo leagtha amach in **Aguisín 2.**

## 7.1 Leanaí Scoile/Leanaí a fhreastalaíonn ar Imeachtaí na Comhairle

Ba chóir íogaireacht agus discréid a léiriú i gcónaí agus tú ag obair le leanaí. Sa chás go bhfuil leanaí ó scoil, ó ghrúpa óige nó eile (mar shampla, Comhairle na nÓg, Comhaltas, Clubanna Spóirt) ag freastal ar imeacht de chuid na Comhairle, ní mór d'eagraithe aonair a chinntiú go bhfuil ***toiliú scríofa tuismitheora*** faighte roimh ré ó na tuismitheoirí nó ón scoil/grúpa óige atá ag gníomhú thar ceann na dtuismitheoirí de réir bheartais RGCS na scoile/grúpa óige sula nglactar nó sula bpróiseálfar íomhánna. Is fearr íomhánna a léiríonn gníomhaíocht nó íomhánna de ghrúpaí a úsáid, seachas íomhá de leanbh ar leith. Go ginearálta, níor cheart leanaí a shainaithint, ach amháin sa chás go bhfuil aitheantas poiblí á thabhairt dóibh (mar shampla, gradam a fháil) a bhfuil cead tuismitheora faighte ina leith.

## 8.0 Grianghraif/Físeáin a ghlactar le haghaidh Úsáide Pearsanta - Díolúine Teaghlaigh

Níl grianghraif ná físeáin a ghlactar le haghaidh úsáide pearsanta amháin faoi réir RGCS ná an Achta um Chosaint Sonraí 2018 a luaithe nach bhfuil sé ar intinn ag an duine aonair na híomhánna a phostáil ná a fhoilsiú áit ar bith. Tagann an cineál gníomhaíochta seo faoi 'dhíolúine teaghlaigh'[4] RGCS, mar a thugtar air, a fhorálann nach bhfuil feidhm ag an RGCS nuair a phróiseálann duine sonraí pearsanta (mar shampla, grianghraf a ghlacadh de dhuine éigin i mbun gníomhaíochta pearsanta nó teaghlaigh amháin nach bhfuil baint ar bith aige le gníomhaíocht ghairmiúil, gnó nó oifigiúil).

Mar shampla, má ghlacann ball foirne grianghraf ag imeacht de chuid na Comhairle ar mhaithe lena (h)úsáid phearsanta féin, níl gá le toiliú. Mar sin féin, má chuirtear an grianghraf sin ar fáil don Chomhairle le haghaidh úsáide corparáidí ag pointe níos déanaí, amhail suíomh gréasáin na Comhairle nó Tairseach na Foirne, beidh sé faoi réir RGCS agus an Achta um Chosaint Sonraí agus ní féidir é a úsáid gan toiliú a fháil ó na daoine san íomhá.

[4] *Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an bpróiseáil a dhéanann duine nádúrtha ar shonraí pearsanta le linn gníomhaíochta de chineál pearsanta nó de chineál tís amháin, is é sin próiseáil nach bhfuil aon nasc aici le gníomhaíocht ghairmiúil ná le gníomhaíocht tráchtála. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí pearsanta nó ar ghníomhaíochtaí tís comhfhreagras agus coinneáil seoltaí, nó líonrú sóisialta agus gníomhaíocht ar líne a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí den sórt sin.* ***(Aithris 18)***

## 9.0 Grianghraif Fostaithe

Féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe grianghraf digiteach d'fhostaithe a bhailiú chun iad a aithint mar fhostaí, chun cur le seirbhísí éifeachtacha do chustaiméirí, chun sonraí a bhfoirne a chur ar ár dTairseach Foirne agus ar ár suíomh gréasáin, agus chun sláinte, sábháilteacht, dínit agus folláine daoine aonair ag an obair a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as nó a bhaineann lena bhfostaíocht.

Is iad seo a leanas na bunúis dlí chun grianghraif fostaithe a phróiseáil: -

- Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a bhfuil an fostaí tar éis tabhairt faoi a chomhlíonadh;
- Tá an phróiseáil riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an Chomhairle faoina réir a chomhlíonadh; An tAcht Sláinte & Sábháilteachta 2005;
- Tá an phróiseáil riachtanach ar mhaithe le leasanna dlisteanacha na Comhairle, mar shampla bainistíocht oifige.

Ina theannta sin, féadfaidh an Chomhairle, le ***toiliú*** an fhostaí, grianghraif a ghlacadh chun tuarascálacha agus nuachtlitreacha/bileoga faisnéise a chruthú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin agus ar mheáin shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## 10.0 Íomhánna a fhoilsiú agus a thaispeáint

I gcás nach bhfuil duine inaitheanta ó ghrianghraf ná ó fhíseán, ní gá toiliú a fháil chun an íomhá a thaispeáin nó a fhoilsiú. Baineann sé seo le daoine aonair ar trí sheans a glacadh a n-íomhá, mar shampla, má tá siad le feiceáil i slua ag imeacht mór poiblí nó ag ócáid searmanais nó ag imeachtaí ginearálta eile de chuid na Comhairle. Sula nglactar na híomhánna, ba chóir deis a thabhairt do dhaoine aonair sa tulra bogadh ar shiúl más mian leo.

Mura bhfuil ach duine amháin nó beirt le feiceáil in íomhá, seachas slua, ní mór toiliú a fháil ó na daoine aonair sin sula bhfoilseofar agus sula dtaispeánfar an íomhá.

## 11.0 Grianghrafadóir seachtrach

Sa chás go bhfostaíonn an Chomhairle grianghrafadóir seachtrach chun grianghraif/físeáin a ghlacadh, mar Rialaitheoir Sonraí beidh cóipcheart ar na híomhánna aige/aici. Ba cheart é sin a chlúdach i dtéarmaí agus coinníollacha an ghrianghrafadóra. Tugtar cead roimh ré íomhánna, ar le grianghrafadóir iad, a úsáid. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcuirfí grianghrafadóirí seachtracha go hiomlán ar an eolas faoi riachtanais an bheartais seo maidir leis an dlí um Chosaint Sonraí.

Cé go bhféadfadh grianghraif nó físeáin a ghlactar chun críocha iriseoireachta a bheith díolmhaithe ó chodanna áirithe de chosaint sonraí, d'fhéadfadh go mbeadh imní fós ar dhaoine aonair maidir lena n-íomhá a bheith le feiceáil sa pháipéar áitiúil nó sa phreas áitiúil agus mar sin ba chóir fógra a thabhairt dóibh roimh ré.

I gcás ina soláthraíonn tríú páirtí grianghraif nó íomhánna, cibé acu institiúid, duine aonair nó gníomhaireacht, ní mór do sholáthraí na n-íomhánna a bheith in ann a dhearbhú gur ***thoiligh*** na daoine aonair inaitheanta le dáileadh agus úsáid na n-íomhánna ina dhiaidh sin. Ar deireadh thiar is ar an gComhairle atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil ***toiliú*** faighte sula bhfoilsítear tuilleadh.

## 12.0 Toiliú faighte go cúlghabhálach

D'fhéadfadh go mbeadh gá le toiliú a fháil go cúlghabhálach má tá íomhánna á n-úsáid chun críche eile seachas chun na críocha dár ceapadh iad ar dtús. Sa chás sin, ba cheart toiliú a lorg chun úsáid bhreise a bhaint as na híomhánna.

Más mian leis an gComhairle íomhánna a úsáid nár iarradh aon toiliú ina leith ag an am, mar shampla grianghraf a glacadh sular cuireadh cosaint sonraí i bhfeidhm (roimh 1988), ní mór gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun toiliú a fháil. Más rud é go bhfuil sé dodhéanta an duine is ábhar do na sonraí a aimsiú agus toiliú a fháil, sula n-athúsáidfí an íomhá, ba cheart don Chomhairle a chur san áireamh an raibh na daoine aonair ar an eolas go raibh a ngrianghraf á ghlacadh agus a mheas an bhféadfadh na daoine is ábhar don ghrianghraf a bheith ag súil go réasúnach go n-úsáidfeadh an Chomhairle an grianghraf sin. Más rud é go bhféadfadh úsáid na híomhá a bheith ina cúis le damáiste nó anacair do na daoine aonair sa ghrianghraf mar gheall ar an mbealach a n-úsáidfear an íomhá, níor cheart an íomhá a fhoilsiú ná a athúsáid.

Níl feidhm ag RGCS maidir le sonraí pearsanta daoine éagtha. Más mian leis an gComhairle seaníomhá a athúsáid agus má tá siad cinnte nach bhfuil aon duine san íomhá fós beo, ní thagann sé seo faoi fhorálacha an RGCS ná an Achta um Chosaint Sonraí. Má tá amhras ann an bhfuil na daoine san íomhá fós beo, tá an fhoireann freagrach as aois an duine aonair a mheas bunaithe ar an am a glacadh an íomhá agus ba cheart dóibh glacadh gur saolré 100 bliain a bheadh i gceist.

## 13.0 An ceart chun toiliú a tharraingt siar

Tá tógáil agus foilsiú grianghraf agus físeán bunaithe ar ***thoiliú*** agus ní mór a chur in iúl do dhaoine aonair go bhfuil sé de cheart acu an toiliú sin a tharraingt siar am ar bith. Mar sin féin, ní dhéanann tarraingt siar an toilithe difear d'úsáid na n-íomhánna sular tarraingíodh siar an toiliú. Urramaíonn an Chomhairle mianta duine aonair a thug toiliú chun a n-íomhá a bhailiú agus a úsáid ach ar mian leo an toiliú sin a tharraingt siar ina dhiaidh sin. Sa chás seo, déanfaidh an Chomhairle gach beart réasúnach chun na grianghraif agus na físeáin seo a scriosadh ar bhealach slán. Cinnteoidh an Chomhairle nach mbainfear úsáid as na híomhánna sin a thuilleadh.

## 14.0 Coinneáil Sonraí

Coinneofar grianghraif agus íomhánna físe ar bhealach a chinntíonn slándáil agus rúndacht iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar rochtain neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chaillteanais, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid a bhaint as bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla.

Beidh an tréimhse choinneála do ghrianghraif agus d'íomhánna físe de réir Bheartas Coinneála Taifead an Aonaid chuí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## 15.0 Slándáil

Stórálfar na híomhánna go léir go sábháilte agus go slán, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla. Mar shampla, ba cheart íomhánna a stóráil ar ghléasanna de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe amháin. Ba cheart íomhánna dúblacha agus dramhíomhánna a scriosadh láithreach, agus ní mór lipéad soiléir a bheith na híomhánna go léir a choimeádtar.

## 16.0 Freagracht an Bhainisteora Líne

Tá Bainisteoirí Líne freagrach as an méid seo a leanas a chinntiú:

- Cur i bhfeidhm an bheartais seo;
- Go moltar do gach fostaí cloí leis an treoir atá sa bheartas seo;
- Go bhfuil gach fostaí a bhfuil rochtain acu ar íomhánna pearsanta ar an eolas go hiomlán maidir lena bhfreagrachtaí.

## 17.0 Cad iad cearta aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta?

Tá na cearta seo a leanas ag daoine aonair:

- An ceart rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an gComhairle fúthu;
- An ceart a cheangal ar an gComhairle aon sonraí pearsanta míchruinne fúthu a cheartú gan aon mhoill mhíchuí;
- An ceart a iarraidh ar an gComhairle aon sonraí pearsanta a choimeádann an Chomhairle fúthu a scriosadh in imthosca amhail nach bhfuil gá a thuilleadh ag an gComhairle na sonraí pearsanta a choinneáil nó, in imthosca áirithe, má tharraing daoine aonair a dtoiliú leis an bpróiseáil siar;
- An ceart agóid a dhéanamh i gcoinne na Comhairle sonraí pearsanta a phróiseáil fúthu amhail próiseáil le haghaidh próifílithe nó margaíochta dírí;
- An ceart a iarraidh ar an gComhairle a sonraí pearsanta a sholáthar dóibh i bhformáid atá inrite ar chineálacha éagsúla ríomhairí, nó nuair is indéanta go teicniúil, a iarraidh ar an gComhairle na sonraí pearsanta sin a aistriú chuig soláthraí eile ar choinníoll nach nochtfar sonraí pearsanta a bhaineann le daoine eile dá bharr;
- An ceart srian a iarraidh ar phróiseáil a sonraí pearsanta.

I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú duine aonair, maidir leis an bpróiseáil sin, tá sé de cheart ag daoine aonair an toiliú sin a tharraingt siar am ar bith, ach tá aon phróiseáil a rinne an Chomhairle sular tarraingíodh siar an toiliú sin fós dleathach.

Féadfaidh daoine aonair aon cheann de na cearta thuas a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí @ dpo@galwaycoco.ie nó trí Iarratas Rochtana Ábhar Sonraí a chur isteach chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh. H91 H6KX.

## 18.0 Athbhreithniú Beartais

D'fhéadfadh an beartas seo a bheith faoi réir athbhreithnithe ó am go chéile. Déanfar aon athruithe i mbeartas athbhreithnithe a phostáil agus beidh siad éifeachtach nuair a phostálfar iad.

## 19.0 Oifigeach Cosanta Sonraí

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag:

Ríomhphost: dpo@galwaycoco.ie

Teileafón: (091) 509319

**Tá sonraí iomlána maidir le bailiú, próiseáil agus roinnt sonraí pearsanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe leagtha amach i bhFógra Príobháideachta na Comhairle ar ár suíomh gréasáin.**

**Aguisín 1**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Glacfar Grianghraif/Físeán ag an imeacht seo

<cuir isteach ainm an imeachta>

D'fhéadfaí na híomhánna seo a roinnt leis an bpreas áitiúil; a phostáil ar shuíomh gréasáin agus ar mheáin shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe; a phostáil ar bhileoga agus ar fhoilseacháin bholscaireachta agus/nó ar Nuachtlitir Foirne/Tairseach Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe

**Más fearr leat gan a bheith i ngrianghraf, cuir an fhoireann/grianghrafadóir ar an eolas roimh ré. Go raibh maith agat.**

**Stórálfar na híomhánna go léir go sábháilte agus go slán agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla**

**Aguisín 2**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council


## Foirm thoilithe grianghraif/físeáin do leanaí

**Imeacht:** <cuir isteach ainm an imeachta>

**Dáta:** <cuir isteach an dáta>

**Suíomh:** < cuir isteach an suíomh>

Tugaim leis seo cead do mo leanbh a bheith le feiceáil i ngrianghraif/i bhfíseán a ghlacfar ag an imeacht thuas. Admhaím gur féidir iad a úsáid i gcáipéisíocht don phreas áitiúil; Suíomh Gréasáin agus Meáin Shóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Tairseach na foirne agus bileoga agus foilseacháin bholscaireachta.




Ainm an Linbh: ____________________

Aois an Linbh (0-15) ____________________

Ainm an Tuismitheora/an Chaomhnóra: ____________________

Uimhir Theileafóin an Tuismitheora/an Chaomhnóra: ____________________

Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: ____________________

Dáta: ____________________

Tuigim go bhféadfaidh mé an toiliú seo a tharraingt siar am ar bith trí theagmháil a dhéanamh le:
<Ainm> (cuir isteach sonraí an duine atá ag eagrú an imeachta)
<Teideal>
<Rannóg> Comhairle Chontae na Gaillimhe

**Stórálfar na híomhánna go léir go sábháilte agus go slán agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla**